Timpeall an Domhain

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí scéal éagsúla ó thimpeall an domhain. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhféachann tú ar rásaíocht capall?
Cé hé Kieran Fallon agus cén fáth an bhfuil sé sa nuacht faoi láthair?
Cad é atá ar eolas agat faoin chomhlacht Meiriceánach *Blackwater* a rinne scrios i mBaghdad ar na mallaibh?
Cén fáth a bhfuil clú agus cáil ar Che Guevara?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. trial _____
2. dishonesty _____
3. horse racing _____
4. denying _____
5. two riders _____
6. campaign _____
7. report _____
8. on purpose _____
9. security men _____
10. he was sentenced to death _____
11. rising _____
12. against the dictator _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad chuige an bhfuil an marcach, Kieran Fallon san *Old Bailey* i Londain?

2. Cén fhad a mheastar a mhairfear an triail?

3. Cé mhéid sibhialtach a maraíodh ag saighdiúirí an chomhlachta Mheiriceánaigh *Blackwater* i mBaghdad?

4. Cé aois a bhí an buachaill óg a bhí i measc na ndaoine a maraíodh?

5. Cén áit a bhfuil an comóradh do Che Guevara ar siúl?

6. Cén áit ar rugadh Che Guevara agus cén áit ar cuireadh chun báis é?

Ceist 4 '. . .gur *cuireadh* iachall ar chuid de na capaill titim siar.'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló Iodálach thuas? Pléigh leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir leat.

Anois críochnaigh na hababirtí a leanas ag déanamh na n-athruithe chuí.

1. _____ go mairfidh an triail ar a laghad ceithre mhí. (tuig)

2. _____ sa tuarascáil nár saighdiúirí iad na fir shlándála. (léirigh)

3. I measc na ndaoine a _____ bhí buachaill óg deich mbliana. (maraigh)

4. _____ san Airgintín é agus cháiligh sé mar dhochtúir. (beir)

Ceist 5 Déan iarracht an leagan ceart de na focail thíos a chur sna bearnaí sna habairtí ón mhír. Pléigh leis an duine in aice leat cén fáth a ndearna tú an rogha sin.

1. Tuigtear go mairfidh an triail ar a laghad ceithre _____ (mí).

2. Tá tuarascáil de chuid rialtas na hIaráice ag moladh go gcuirfidh an dlí ar chomhlacht príobháideach Meiriceánach faoi sheacht sibhialtach _____ (déag) a mharú i mBaghdad.

3. I measc na ndaoine a maraíodh bhí buachaill óg deich _____ (bliain).

4. Agus ar deireadh tá comóradh á dhéanamh ar an réabhlóidí Che Guevara i gCúba agus i dtíortha eile i Meiriceá Theas mar cothram an _____ (am) seo ceathracha _____ (bliain) ó shin daoradh chun báis é sa Bholaive.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad é bhur mbarúil féin faoi Che Guevara?
An bhfuil aon duine ar nós Che Guevara i stair na hÉireann dar libh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

trial	triail
dishonesty	caimiléireacht
horse racing	rásaíocht capall
denying	ag séanadh
two riders	beirt mharcach
campaign	feachtas
report	tuairisc
on purpose	d'aon turas
security men	fir shlándála
he was sentenced to death	daoradh chun báis é
rising	éirí amach
against the dictator	in aghaidh an deachtóra

Ceist 3

1. Tá tús curtha san *Old Bailey* i Londain le triail an mharcaigh as an tír seo Kieran Fallon atá cúisithe in éindí le cúigear eile i gcomhair caimiléireachta ar bun acu sa tionscal rásaíocht capall.

2. Tuigtear go mairfidh an triail ar a laghad ceithre mhí.

3. Maraíodh seacht sibhialtach déag.

4. Bhí sé deich mbliana d'aois.

5. Tá comóradh á dhéanamh ar an réabhlóidí Che Guevara i gCúba agus i dtíortha Meiriceá Theas.

6. Rugadh san Airgintín é agus cuireadh chun báis é sa Bholaive.

Ceist 4

An briathar saor atá i gceist anseo.

1. Tuigtear go mairfidh an triail ar a laghad ceithre mhí.
2. Leirítear sa tuarascáil nár saighdiúirí iad na fir slándála.
3. I measc na ndaoine a maraíodh bhí buachaill óg deich mbliana.
4. Rugadh san Airgintín é agus cháiligh sé mar dhochtúir.

Ceist 5

1. Tuigtear go mairfidh an trial ar a laghad ceithre mhí.

2. Tá tuarascáil de chuid rialtas na hIaráice ag moladh go gcuirfidh an dlí ar chomhlacht príobhaideach Meiriceánach faoi sheacht sibhialtach déag a mharú i mBaghdad.

3. I measc na ndaoine a maraíodh bhí buachaill óg deich mbliana.

4. Agus ar deireadh tá comóradh á dhéanamh ar an réabhlóidí Che Guevara i gCúba agus i dtíortha eile i Meiriceá Theas mar cothram an ama seo ceathracha bliain ó shin daoradh chun báis é sa Bholaive.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Éimear Ní Chonaola

Mír 1
Tá tús curtha san *Old Bailey* i Londain le triail an mharcaigh as an tír seo Kieran Fallon atá cúisithe in éindí le cúigear eile i gcomhair caimiléireacht ar bun acu sa tionscal rásaíocht capall.

Tá Kieran Fallon a bhuaigh **Prix De L'Arc De Triomphe** i bPáras na Fraince inné ag séanadh gur stop sé nó gur choinnigh sé siar capaill le linn rásaí. Shéan beirt mharcach eile, Fergal Lynch agus Darren Williams chomh maith le Miles Rodgers, Shuan Lynch agus Philip Sherkle go raibh siad páirteach i bhfeachtas le torthaí na rásaí a shocrú agus gur cuireadh iachall ar chuid de na capaill titim siar. Tuigtear go mairfidh an triail ar a laghad ceithre mhí.

Mír 2
Tá tuarascáil de chuid rialtas na hIaráice ag moladh go gcuirfidh an dlí ar chomhlacht príobhaideach slándála Meiriceánach *Blackwater* faoi sheacht sibhialtach déag* a mharú i mBaghdad an mhí seo caite. Léirítear sa tuarascáil nár saighdiúirí na fir slándála** agus gur d'aon turas a thosaigh siad ag scaoileadh le daoine.

I measc na ndaoine a maraíodh bhí buachaill óg deich mbliana.

Mír 3
Agus ar deireadh tá comóradh á dhéanamh ar an réabhlóidí Che Guevara i gCúba agus i dtíortha Mheiriceá Theas mar cothram an ama seo ceathracha bliain ó shin daoradh chun báis é sa Bholaiv***. Rugadh san Airgintín é agus cháiligh sé mar dhochtúir sular thóg sé páirt san éiri amach in aghaidh an deachtóra Batista in éindí le Fidel Castro.

**seacht shibhialtach déag* a deirtear
** *na fir shlándála* is ceart a scríobh
*** *an Bholaive* is ceart a scríobh